POLASAÍ AG FREAGAIRT DO THEAGMHAIS CHRITICIÚLA I nGaelscoil Bhaile Brigín

1. Réamhrá.

Tarlaíonn eachtraí trámacha i gcuid mhaith scoileanna ag tráth amháin nó ag tráth eile. 'Sé atá i gceist sa pholasaí seo ná Plean Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla a aontú agus a chur i bhfeidhm. Cuireadh tús leis an bpolasaí a chur le chéile ar dtús ag Cruinniú Foirne dar dáta 6/11/2009 ag a raibh Kevin Keane, siceolaí de chuid NEPS i láthair agus a thug cur síos, cúlra agus treoir maidir leis. Bunaíodh coiste de chuid na foirne chun an polasaí a fhorbairt agus phléigh an Bord Bainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí é ar an agus .

Rinneadh aithbhreithniú ar an bpolasaí seo le linn na scoilbhliana 2021/22 agus cuireadh é ós chomhair an bhoird leis na leasaithe a dhaingniú ar an 25/04/2022

2. Sainmhíniú.

Agus an plean á fhorbairt againn, ní mór dúinn sainmhíniú a thabhairt ar cad is Teagmhas Criticiúil ann. Is féidir féachaint orthu mar theagmhais a sháraíonn gnáth mheicníochtaí déileála na scoile agus a chuireann isteach ar rith na scoile. Ní mar an gcéanna i gcónaí a bheidh an plean á chur i bhfeidhm, mar braithfidh sé sin cuid mhór ar an gcineál teagmhais a bheidh i gceist. Seo leanas roinnt rudaí a chuirfeadh isteach ar rith na scoile:

- Cailleadh duine de phobal na scoile trí bhás tobann, timpiste nó féinmharú
- Timpiste ag baint le daltaí nó baill foirne ag an scoil nó lasmuigh di
- Ionsaí fisiciúil ar dhalta(í) nó ar bha(i)ll foirne nó briseadh isteach sa scoil
- Dochar tromchúiseach d'fhoirgneamh na scoile de bharr dóiteáin/ tuillte
- Duine de phobal na scoile a dhul ar iarraidh
- Timpiste / tragóid sa phobal máguaird.

3. Sábhailteacht Fisiciúil

- Plean aslonnaithe eagraithe
- Druil tine déanta ar a laghad uair gach téarma mar atá sa Pholasaí Sláinte & Sábháilteachta
- Bealaigh Éalaithe agus múchtóirí tine seiceáilte go rialta
- Doras an phríomhfhoirgnimh coinnithe dúnta i rith am scoile.
- Gan daoine a chur in aon áit leo féin.
- Rialacha clóis- Níl cead daoine a ghortú. Ní féidir an clós a fhágáil ach le cead an mhúinteora agus i mbeirteanna.

4. Sábháilteacht Siceolaíoch

Tá sé i gceist ag Bord Bainistíochta agus Foireann Ghaelscoil Bhaile Brigín go n-úsáidfear cláracha oiriúnacha atá ar fáil chun forbairt pearsanta agus sóisialta na ndaltaí a chothú, chun cur leis an mothúchán sábháilteachta agus slándáileachta atá sa scoil agus chun deiseanna plé agus smaoineamh a thabhairt dóibh.

- M.sh. Tá OSPS comhtháite in obair na scoile. Tugtar faoi sa churaclam tríd deileáil le ceisteanna mar bhrón agus chaillteanas; athléimneacht; bainistíocht coimhlinte; fadhbréiteach; ag lorg cabhrach; bulaíocht; cinnteoireacht agus ag cuir cosc le mí-úsáid alcól agus drugaí.
- Cuirfear traenáil ar fáil do bhaill fóirne dá rólanna in OSPS de réir mar is féidir.
- Tá taithí ag baill fóirne ar threoirlínte Chaomhnú Páistí agus na Nósanna Imeachta a ghabhann leo.

- Tá leabhair agus acmhainní faoi deacrachtaí a bhaineann le páistí bunscoile ar fáil sa scoil. Tá leabharlann na dtuistí ann agus tá réimse ann sa Seomra Foirne chomh maith.
- Tá gaol á láidriú idir an scoil agus eagraíochta taobh amuigh, m.sh NEPS, HSE, Child & Family Centre.
- Má tá daoine ón taobh amuigh ag teacht chun labhairt leis na daltaí i nGaelscoil Bhaile Brigín, déanfar é i gcomhthéacs ár bpolasaí Caomhnú Páistí. Cinntítear roimhré cén eolas a bheidh ar fáil do na páistí, cad é saineolas an soláthraí, agus bíonn an múinteoir i gcónaí i láthair.
- Tá polasaí láidir frithbhulaíochta sa scoil agus déantar déileáil le bulaíocht dá réir.
- Má cheaptar go bhfuil páiste i mbaol ar shlí ar bith, deirtear leis an DLP, agus déantar gach iarracht cabhair agus tacaíocht a chur ar fail don pháiste sin. Insítear do thuismitheoirí agus nuair is gá, deirtear leis an eagraíocht cuí.
- Deirtear le baill fóirne cá bhfuil cabhair ar fáil dóibh féin. (VHI Assist)

4. Foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla

Tá foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla curtha le chéile mar a mholtar. Roghnaíodh baill na foirne ar bhonn deonach, agus leanfaidh siad sna rólanna seo ar feadh bliana scoile ar a laghad. Tá ag iarraidh aire a thabhairt dá chuid daltaí agus foireann na scoile trí timpeallacht sabháilte agus oiliúnach a chur ar fáil i gcónaí. Beidh Foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla ag an scoil chun an polasaí a chur i gcrích agus a fhorbairt. Ar an bhfoireann seo beidh an Príomhoide, Príomhoide Tánaisteach, maraon le beirt ainmnithe ag an bhfoireann Teagaisc agus duine ainmnithe ag an mBord Bainistíochta. Tiocfaidh an fhoireann le chéile ó am go ham, agus nuair a tharlaíonn teagmhas criticiúil. Tá fillteán do Theagmhais Chriticiúla ag gach ball den fhoireann bainistíochta le cóip den polasaí seo ann agus pleananna agus acmhainní atá oiriúnach dá ról ar an bhfoireann. Beidh siad ar fáil go tapa i gcás theagmhais Chriticiúil.

5. Rólanna

Na príomh rólanna atá i gceist ná:

- Stiúrthóir Fóirne
- Ról Idirchaidrimh leis na Gardaí
- Ról Idirchaidrimh leis an bhfoireann
- Ról idirchaidrimh leis na daltaí
- Ról idirchaidrimh leis na tuismitheoirí
- Ról idirchaidrimh leis an bpobal
- Ról idirchaidrimh leis na meáin cumarsáide
- Riarthóir

Stiúrthóir Fóirne

- Cuireann sí baill Fhoireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla ar an eolas agus eagraíonn sí cruinniú leo.
- Déanann sí comhordnú ar thascanna na foirne
- Téann sí i dteangmháil leis an mBord Bainistíochta, NEPS, ROS, HSE
- Téann sí i dteangmháil leis an gclann atá faoi mhéala
- Muna bhíonn an Príomhoide ar fáil, glacfaidh an Príomhoide Tánaisteach an ról seo.

Ról idirchaidrimh leis na Gardaí

(Is féidir le seo bheith mar chuid de ról an Stiúrthóir fóirne)

- Teangmháil leis na Gardaí
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil aon eolas cruinn sular scaipfear é

Ról idirchaidrimh leis an bhFoireann

- I gceannas ar chruinnithe a reachtáil don bhfoireann, áit ina mbeadh na fíricí á roinnt agus áit go mbeadh seans ag baill fóirne a mothúcháin a nochtadh, ceisteanna a chur agus tráthchlár don lá a eagrú
- Tugann sé/sí comhairle don fhoireann faoi faire amach do pháistí leochaileach
- Cuireann sé/sí ábhar ar fáil don bhfoireann ón bhfillteán Theagmhais Chriticiúla
- Coinníonn se/sí an fhoireann suas chun dáta ar an eolas i rith an lae
- Tá sé/sí aireach d'aon bhall fóirne ata leochaileach agus déanann sé/sí gach iarracht labhairt leo, leo féin
- Tugann sé/sí uimhir EAS (Employee Assist) 1800 411 057 chun cabhrú le múinteoirí go bhfuil cabhair uathu

<u>Ról idirchaidrimh leis na Daltaí</u>
- Cuireann sé/sí an fhoireann ar an eolas faoi pháistí leochaileacha
- Cuireann sé/sí ábhair ar fáil do dhaltaí ón bhfillteán Theagmhais Chriticiúla
- Coinníonn sé/sí tuairisc de pháistí ar bhuail daoine ó eagraíochtaí taobh amuigh den scoil leo.
- I bhfeighil ar sheomra oiriúnach "ciúin" a chur ar fáil agus i bhfeighil ar chinntiú go bhfuil duine i gceannas air i gcónaí.

<u>Ról idirchaidrimh leis an bPobal</u>
- I bhfeighil ar liosta de theagmhálaithe atá suas chun dáta a choimeád – Tuistí tábhachtacha msh, Príomh bhaill de Choiste na dTuismitheoirí; Seirbhísí Tacaíochta éigeandala agus teagmhálaithe agus acmhainní tábhachtacha eile
- Déanann sé/sí nasc le heagraíochtaí sa Phobal ag lorg tacaíochta agus atreorú atá de dhíth
- Consiasach de gur gá cúlra agus sonraí d'éinne ata ag iarraidh tacaíocht a thabhairt a lorg agus a sheiceáil
- Comhordnú ar eagraiochtaí oifigiúla sa phobal
- Cuireann sé/sí i gcuimhne d'ionadaithe na neagraíochtaí seachtracha suantais lena n-ainmneacha orthu a chaitheamh
- Coinníonn sé/sí an Fhoireann Bhainistíochta do Theagmhais Chriticiúla ar an eolas faoin bpáirt ata á ghlacadh ag na heagraíochtaí Seachtracha

<u>Ról idirchaidrimh leis na tuismitheoirí</u>
- Tugann sé/sí cuairt ar an gclann faoi mhéala leis an stiúrthóir fóirne
- Eagraíonn sé/sí cruinnithe tuistí más gá
- Déanann sé/sí eascaíocht do na cruinnithe seo agus bíonn sé/sí i bhfeighil ar "Cheisteanna & Freagraí"
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil aon cheisteanna faoi aontú maidir le foirmeacha srl á leanúint mar atá i bpolasaithe na scoile
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil na litreacha samplacha réidh ar ríomhaire na scoile, ullamh le cur in oiriúint d'aon chás
- Eagraíonn sé/sí seomra le haghaidh cruinnithe Tuistí
- Coimeádann sé/sí cúntas de thuismitheoirí a labhair leis/léi
- Buaileann sé/sí le tuistí indibhidiúil
- Cuireann sé/sí ábhar oiriúnach ar fáil ón bhfillteán Theagmhais Chriticiúla

<u>Ról idirchaidrimh leis na meáin cumarsáide</u>
- Go mbeadh Plean leagtha amach roimhré ar chonas deileáil le heachtraí áirithe a d'fhéadfadh titim amach, (m.sh. Daltaí á chur faoi agallamh, griangrafadóirí ar shuíomh na scoile srl)
- I gcás Theagmhais, go mbuailfeadh sé/sí leis an INTO srl mar is gá
- Go mbeadh Preas ráiteas curtha le chéile, seisiún eolais agus agallaimh a chur ar fáil do na meáin (mar a cheadaíonn an Bord Bainistíochta)

Riarthóir

- I bhfeighil ar uimhreacha teagmhála tuistí agus Caomhnóirí; múinteoirí; seirbhísí Éigeandála a choimeád suas chun dáta
- Glacann sé/sí le glaochanna gutháin agus coimeádann sé/sí cúntas de na glaochanna atá freagra le tabhairt orthu
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil teimpléidí ullamh ar ríomhairí scoile roimhré, réidh le cur in oiriúint don suíomh
- Ullmhaíonn sé/sí litreacha, ríomh-phostanna/faics agus seolann amach iad
- Déanann sé/sí cóipeanna d'aon ábhar atá ag teastáil
- Coimeádann sé/sí cúntais

Ag Coimeád Cúntais

I gcás Teagmhais Chriticiúil, coimeádann gach ball den bhFoireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla cúntas de ghlaochanna gutháin déanta nó glactha, litreacha a fuarthas agus a seoladh amach, daoine a buaileadh leo, idirghabháil déanta, ábhair úsáidte srl. Beidh ról lárnach ag Rúnaí na Scoile ag deileáil le glaochanna gutháin agus ag coimeád cúntas díobh, ag seoladh litreacha, cóipeáil ábhar srl

Rúndacht agus cosaint ainm mhaith dhaoine

Tá freagracht ar Bhord Bainistíochta agus ar Fhoireann Ghaelscoil Bhaile Brigín príobháideacht agus ainm maith na ndaoine atá gafa i dteagmhasc chriticiúil ar bith a chosaint, agus bíonn orthu a bheith cúramach agus discréideach i gcás aon ráiteas poiblí. Coinneoidh baill foirne na scoile é seo chun cinn agus déanfaidh siad gach iarracht cinntiú go ndéanann daltaí é seo chomh maith. Mar shampla, ní úsáidfear an téarma "féinmharú" ach amháin má tá eolas cinnte gurb é féinmharú atá i gceist **agus** go gceadaíonn an chlann faoi mhéala úsáid an tearma sin. Is féidir na frásaí "bás tragóideach" nó "bás tobann" a úsáid go dtí go mbíonn na fíricí cinntithe go h-iomlán de réir dlí.

5. Nósanna Imeachta Nach Mór a Leanúint Dá dtarlódh Teagmhas Criticiúil

Seo leanas na gníomhartha **gearr théarmacha** a leanfar má tharlaíonn teagmhas criticiúil:

1) Baileofar eolas cruinn
2) Cé, cad, cathain, cén áit?
3) Tionólfar cruinniú den bhFoireann Bainistíochta Theagmhais Chriticiúla
4) Déanfar teagmháil le gníomh aireachtaí cuí (Seirbhísí éigeandála agus leighis. NEPS, An Bord Bainistíochta, An Roinn)
5) Beidh cruinniú idir na príomh bhaill fóirne agus an fhoireann bainistíochta do theagmhais chriticiúla
6) Tionólfar cruinniú fóirne
7) Eagrófar tráthchlár don lá
8) Coimeádfar rudaí mar is gnách chomh fada agus is féidir.
9) Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas
10) Cuirfear daltaí ar an eolas
11) Cuir liosta le chéile de dhaltaí a bheadh leochaileach
12) Déanfar teagmháil leis an teaghlach atá faoi mhéala
13) Ullmhófar ráiteas scríofa: fíricí maidir leis an teagmhas, cad atá déanta cheana féin, cad a dhéanfar, eolas dearfach faoin duine atá básaithe.
14) Ainmneofar duine chun labhairt leis na meáin, más gá. Coinneofar daltaí ar shiúl ó na meáin.
15) Socraigh teacht le chéile daltaí lena dtuismitheoirí, más gá

16) Cruinniú Fóirne ag deireadh an lae

Seo leanas na gníomhartha **<u>meán téarmacha</u>** a leanfar:

1) Déanfar athbhreithniú iomlán
2) Déanfar teagmháil le gníomh aireachtaí cuí
3) Tionólfar cruinniú fóirne
4) Eagrófar tacaíocht do dhaltaí aonair, do ghrúpaí de dhaltaí agus do thuismitheoirí más gá
5) Déanfar plean chun daltaí a thógáil le chéile arís
6) Tabharfar cuairt orthu siúd a gortaíodh
7) Déanfar teagmháil leis an teaghlach maidir le socraithe sochraide
8) Déanfar cinntí faoi rannpháirtíocht sa sochraid
9) Iarrfar ar an mBord Bainistíochta faoi dhúnadh na scoile.

Seo leanas na gníomhartha **<u>fadtéarmacha</u>** a leanfar:

1) Déanfar monatóireacht i gcomhair leis an bhfoireann Chúram ar dhaltaí chun comharthaí a aithint.
2) Teagmháil a choimeád le gníomhaireachtaí atá fós ag cabhrú le daltaí
3) Plean chun cabhrú le daltaí atá faoi mhéala filleadh ar ais ar scoil
4) Plean chun "Bosca Cuimhneacháin" a thabhairt don chlann faoi mhéala
5) Déanfar cinneadh ar bhealaí oiriúnacha chun deighleáil le cothrom lae an teagmhais.
6) Athbhreithniú a dhéanamh ar conas a d'oibrigh an plean agus athraithe a dhéanamh más gá.

6. Seomraí Teagmhais Chriticiúla

I gcás Teagmhas chriticiúil, úsáidfear:

- An Seomra Fóirne mar phríomhsheomra le bualadh leis an bhfoireann
- Seomraí Ranga le bualadh le daltaí i ngrúpaí
- An Halla le buaileadh le tuismitheoirí mar ghrúpa mór nó an Seomra Tacaíochta 6 (thíos staighre) le bualadh i ngrupaí beaga
- Oifig an Phríomhoide le bualadh leis na meáin cumarsáide
- Seomra Tacaíocht Foghlama do sheisiúin aonarach le daltaí
- Oifig an Phríomhoide do chuairteoirí eile

7. Comhairliúchán agus Cumarsáid i leith an phleain seo

Chuamar i gcomhairle leis an bhfoireann iomlán chun an polasaí agus plean seo a ullmhú. Ansin chuamar i gcomhairle le tuismitheoirí na scoile agus lorgaíomar smaointe uathu chomh maith. Pléadh é ag leibhéal an Bhoird.
Cuireadh an plean ós chomhair na foirne ag leibhéal an aithbhreithnithe agus daingníodh é ag leibhéal an bhoird.

Tá an Polasaí agus Plean críochnaithe curtha os comhair na foirne iomlán.

Tá rochtán ag gach bhall den bhFoireann Bainistíochta Theagmhais Chriticiúla ar an bpolasaí tríd G-Suite.

Cinnteoidh an rúnaí go bhfuil na huimhreacha suas chun dáta go rialta.

Cuirfidh an PO baill nua (buan nó sealadach) fóirne ar an eolas faoi shonraí an phleain ag an gcéad cruinniú foirne den bhliain.

Déanfar athbhreithniú ar an bPlean go bliantiúil nó níos minice más gá.

Daingnithe ag Cruinniú Boird: 28/03/2022

Cathaoirleach:_____

Dáta:_____

Leathanaigh an Phleain Theagmhais Chriticiúla d'fhillteáin na Fóirne

Foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla

Ról	Ainm	Uimhir Gutháin (baile & soghluaiste)
Stiúrthóir Fóirne	Príomhoide	
Ról Idirchaidrimh leis na Gardaí	Príomhoide	
Ról Idirchaidrimh leis an bhfoireann	Príomhoide	
Ról idirchaidrimh leis na daltaí	Neasa	
Ról idirchaidrimh leis na tuismitheoirí	Gráinne	
Ról idirchaidrimh leis an bpobal	Doireann Ní G.	
Ról idirchaidrimh leis na meáin cumarsáide	Cathaoirleach/Clodagh	
Riarthóir	Rúnaí	

Gníomhartha **gearr théarmacha** –Lá 1

Tasc	Ainm
Baileofar eolas cruinn	**PO & FBTC**
Cé, cad, cathain, cén áit?	**PO**
Tionólfar cruinniú den bhFoireann Bainistíochta Theagmhais Chriticiúla	**PO**
Déanfar teagmháil le gníomh aireachtaí cuí (Seirbhísí éigeandála agus leighis. NEPS, An Bord Bainistíochta, An Roinn)	**Doireann**
Beidh cruinniú idir na príomh bhaill fóirne agus an fhoireann bainistíochta do theagmhais chriticiúla	**FBTC**
Tionólfar cruinniú fóirne	**Foireann ar fad**

Eagrófar tráthchlár don lá	**PO & Neasa**
Coimeádfar rudaí mar is gnách chomh fada agus is féidir.	**Foireann ar fad**
Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas	**PO & Gráinne**
Cuirfear daltaí ar an eolas	**foireann**
Cuir liosta le chéile de dhaltaí a bheadh leochaileach	**Neasa le múinteoirí ranga**
Déanfar teagmháil leis an teaghlach atá faoi mhéala	**PO & Muinteoir ranga/Gráinne**
Ullmhófar ráiteas scríofa: fíricí maidir leis an teagmhas, cad atá déanta cheana féin, cad a dhéanfar, eolas dearfach faoin duine atá básaithe.	**Cathaoirleach/PO/ FBTC/ INTO**
Ainmneofar duine chun labhairt leis na meáin, más gá. Coinneofar daltaí ar shiúl ó na meáin.	**Cathaoirleach/PO**
Socraigh teacht le chéile daltaí lena dtuismitheoirí, más gá	**PO/Gráinne**
Cruinniú Fóirne ag deireadh an lae.	**An Fhoireann**

Gníomhartha **meán téarmacha** – (Lá 2 agus laethanta ina dhiaidh sin)

Tasc	Ainm
Déanfar athbhreithniú iomlán	**Foireann Bainistíochta Theagmhais Chriticiúla**
Déanfar teagmháil le gníomh aireachtaí cuí	**PO & Doireann**
Tionólfar cruinniú foirne	**PO**
Eagrófar tacaíocht do dhaltaí aonair, do ghrúpaí de dhaltaí agus do thuismitheoirí más gá	**Neasa & Gráinne, NEPS & PO**
Déanfar plean chun daltaí a thógáil le chéile arís	**Neasa**
Tabharfar cuairt orthu siúd a gortaíodh	**PO, Múinteoirí ranga**
Déanfar teagmháil leis an teaghlach maidir le socraithe sochraide	**PO**
Déanfar cinntí faoi rannpháirtíocht sa sochraid	**Foireann Bainistíochta Theagmhais Chriticiúla**
Iarrfar ar an mBord Bainistíochta faoi dhúnadh na scoile.	**Bord Bainistíochta**

Gníomhartha **fadtéarmacha** – tar éis 72 uair

Tasc	Ainm

Déanfar monatóireacht i gcomhair leis an bhfoireann Chúram ar dhaltaí chun comharthaí a aithint.	**Múinteoirí Ranga**
Teagmháil a choimeád le gníomhaireachtaí atá fós ag cabhrú le daltaí	**Gráinne/Neasa**
Plean chun cabhrú le daltaí atá faoi mhéala filleadh ar ais ar scoil	**Foireann Bainistíochta Theagmhais Chriticiúla & Múinteoirí Ranga**
Plean chun "Bosca Cuimhneacháin" a thabhairt don chlann faoi mhéala	**Múinteoirí Ranga & PO**
Déanfar cinneadh ar bhealaí oiriúnacha chun deighleáil le cothrom lae an teagmhais.	**Bord/ Foireann, Tuistí & daltaí**
Athbhreithniú a dhéanamh ar conas a d'oibrigh an plean agus athraithe a dhéanamh más gá	**Foireann/ Bord**

LIOSTA TEAGMHÁLA ÉIGEANDÁLA

Acmhain do scoileanna: R23

(Le bheith crochta sa seomra fóirne, oifig na scoile, oifig an Phríomhoide & cóipeanna ag an bhFoireann Bainistíochta Theagmhais Chriticiúla ina gcaranna srl)

GNÍOMHAIREACHT		UIMHREACHA TEAGMHÁLA
Garda-		
Ospidéil	Ospidéal Our Ladies, Crumlin Ospideal Thamhlachta University Hospital, Temple Street Connolly Hospital, Baile Bhlainséar Ospidéal St. James's Ospidéal Beaumont Ospidéal an Mater Ospidéal Lourdes, Droichead Átha	01 4096100 01 4142000 01 4784200 01 8213844 01 4103000 1809 3000 01 8032000
VHI Swift Care		
Briogáid Dóiteáin		999 112
GPs áitiúla		
HSE/ Community Care Team/ Child & Family Centre		01 6217250 01 6217251

	01 6217252
Cigire Scoile Diarmuid Dullagahan	
Siceolaí NEPS Kevin Keane	087/740314401 8892700
Roinn Oideachais & Scileanna	0906 474621
INTO	01 8047700
Sagart Paróiste/Séiplíneach	
Seirbhís Chabhrach d'Oibrithe	1800 411 057

Guthán : *Príomhoide : Príomhoide* *Uimhir Rolla :*

Cúntas Teagmhála Dhalta

Acmhainn do scoileanna: R1

Is féidir le baill fóirne scoile nó baill fóirne eagraíochta eile an fhoirm seo a úsáid chun sonraí dhaltaí a chonacthas tar éis teagmhas chriticiúil a chlárú. Ba chomhair an t-eolas seo a bheith bailithe le chéile in aon áit amháin.

Ainm an Bhaill Fóirne: _____

Dáta	Ainm an Dhalta	Rang	Fothoradh (Cuir isteach más gá cabhair leantach)

LITIR CEADAITHE SAMPLACH- SEISIÚN AONARACH NÓ GRÚPA

Acmhainn do scoileanna : R2

Is féidir an litir seo a úsáid mar theimpléid don scoil nuair atá cead tuismitheora á lorg chun páiste a chur ag caint leis an siceolaí ó NEPS leo féin nó i ngrúpa .

Dáta

Guthán : *Príomhoide : Príomhoide* *Uimhir Rolla :*

A thuismitheoirí, a chairde,

Tá seans go bhfuil a fhios agaibh go bhfuil roinnt den fhoireann ag tabhairt tacaíocht do na daltaí tar éis _____.

Tá tacaíocht sa bhreis á chuir ar fáil dár scoil ó shiceolaí/shiceolaithe NEPS.

Beidh an siceolaí ar fáil más gá, chun buaileadh le páistí aonair nó grúpaí beaga daltaí chun cabhrú leo ag an am deacair seo.

'Sí an aidhm atá ag na seisiúin seo ná:

a) eolas a chur ar fáil i leith deileáil le caillteanas agus brón i mbealach sláintiúil
b) chun deis a thabhairt do na daltaí a gcuid smaointe agus mothucháin a chur in iúil i dtimpeallacht sábhailte
c) am a thabhairt do na daltaí tacaíocht agus cabhair a thabhairt dá chéile faoi stiúir na foirne.
d) cabhrú leis na daltaí dul i dtaithí ar ghnáth laethanta scoile arís chomh luath agus is féidir

Más mian leat go mbeadh do iníon nó do mhac ag glacadh páirte i seisiúin mar seo agus in aon chruinniú eile amach anseo cuir in iúil é tríd an fhoirm seo a leanas a líonadh amach.

Ba cheart é a thabhairt ar ais chuig an scoil láithreach.

Má tá aon ceisteanna teigh i dteagmháil le _____.

Tugaim cead do _____ páirt a ghlacadh i seisiúin grúpa/aonar.

Tuismitheoirí/Caomhneoirí: _____

Dáta:_____

Is mise le meas,

Príomhoide
Príomhoide

SAMPLE CONSENT LETTER - INDIVIDUAL OR GROUP SUPPORT SESSION

Resource for schools: R2

This letter can be used as a template for the school when we are seeking parental consent for a child to be seen in a group or individually by a NEPS psychologist.

Guthán : Príomhoide : Príomhoide *Uimhir Rolla :*

Dear parents,

You may already know that our teachers and staff have been providing support to our students following _____.

Additional support is also being provided to our school by psychologist/s from the National Educational Psychological Service (NEPS).

The psychologist will be available, where necessary, to meet with individuals or with groups of students to help them during this difficult time.

The aim of such sessions will be to:

a) Provide information about dealing with grief and loss in a healthy way
b) Allow students the opportunity to express their thoughts and feelings in a safe environment
c) Allow students time to comfort and support each other, under the guidance of experienced staff from …….
d) Help students resume their normal routines as soon as possible.

If you would like for your son/daughter to participate in such a session and any follow-up meetings that might be scheduled, please give your consent by signing below.

You should return it to the school immediately.
If you have any questions, please contact _____

I give my consent for _____ to participate in a Group/Individual Session
Student Name

_____ _____
Parent or Legal Guardian Date

Is mise le meas,

_____
Príomhoide

Príomhoide

LITIR SAMPLACH – AG LORG COMHAONTÚ THUISMITHEORA GO BHFEICFEAR PAISTE ROIMHRÉ

Acmhainn do scoileanna: R3

Is féidir an litir seo a úsáid mar theimpléid má socraímid go lorgóidh an scoil cead ó thuismitheoirí roimhré go mbeadh cead ag páiste buaileadh le siceolaí NEPS (leo féin nó i ngrúpa) tar éis teagmhas chriticiúil. Bheadh sé seo úsáideach i gcás nach mbeadh an scoil in ann teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí láithreach.

Dáta:

Guthán :

A Thuismitheoir, a chara,

Tá ----- tar éis plean a fhorbairt chun freagairt ar eachtra thragóideach nuair a tharlaíonn sé.

Nuair a tharlaíonn eachtra mar seo tugtar tacaíocht do scoileanna ó siceolaíthe ó NEPS, gníomhaireacht a bhaineann leis an Roinn Oideachais. Má cheapaimid go bhfuil gá ann, ba mhaith linn go mbeimís in ann do pháiste a chuir chug siceolaí chun comhairle agus tacaíocht a lorg.

Sula mbuaileann siceolaí NEPS le do pháiste bíonn cead tuistí ag teastáil. Déanfaimid ár ndícheall é seo a fháil uaibh. I gcás nach bhfuilimid in ann dul i dteagmháil libh ag an am, táimid ag scríobh anois chugat chun cead a fháil do pháiste a chur ar aghaidh go siceolaí NEPS mar chuid dár bfhrithghníomh scoile láithreach. Cuireann sé lenár gcumas an tacaíocht is fearr a thabhairt do do phaiste/í. Is go haonarach, i ngrúpa beag nó i ngrúpa ranga a bheadh do pháiste faoi stiúir an siceolaí.

Más mian leat labhairt faoi seo, is féidir dul i dteagmháil liom aon am a oireann.

Is mise le meas,

_____
Príomhoide
Príomhoide

Líon isteach an fhoirm seo a leanas ag cinntiú go bhfuil an litir seo léite agat agus go bhfuil nó nach bhfuil tú ag lorg tacaíocht do do pháiste ó NEPS. Seol ar ais ag an múinteoir ranga é.

Tá an litir seo léite agam agus:

Ba mhaith liom go mbeadh tacaíocht ar fáil ó NEPS do mo pháiste _____.

Níor mhaith liom go mbeadh tacaíocht ar fáil ó NEPS do mo pháiste _____.

Tuismitheoirí/Caomhneoirí: _____ Dáta:_____

SAMPLE LETTER- SEEKING ADVANCE PARENTAL AGREEMENT TO CHILD BEING SEEN

Resource for schools: R3

This letter can be used as a template for the school if we decide to seek advance parental consent so that a child may be seen by a NEPS psychologist (in a group or individually) in the aftermath of a critical incident. It is to cater for the situation where parents cannot be immediately contacted.

Date:

Guthán : *Príomhoide : Príomhoide* *Uimhir Rolla :*

Dear Parent,

----- has developed a plan for responding when a tragedy occurs.

When such an event happens, schools are offered support by psychologists from the National Educational Psychological Service (NEPS), an agency of the Department of Education and Science.
If we feel it is necessary, we would like to be in a position to have your child seen by the psychologist who can offer advice and support.

Before any child is seen by a NEPS psychologist parental consent is usually required. We will make every effort to obtain this. However, in the unlikely event of being unable to contact you, we are writing to seek your consent to your child being seen by a member of NEPS as part of our school's immediate response. This is to allow us to support your child in the best way possible.

Your child may be seen individually, in a small group or as part of a class group.

If you wish to discuss this, please contact me at your convenience.

Is mise le meas,

_____
Príomhoide
Príomhoide

Please fill in the form below confirming that you have read this letter and stating whether **you wish** or **do not wish** to have your child seen by a NEPS psychologist and return to the class teacher.

I have read this letter and:

I wish to have …….. seen by the NEPS psychologist.
I do not wish to have …… seen by the NEPS psychologist.

Parents/carers: _____ _____

Date:_____

LITIR SAMPLACH DO THUISMITHEOIRÍ- I GCÁS BÁS TOBANN/TIMPIST

Acmhainn do scoileanna: R4

Is féidir an litir seo a úsáid mar theimpléid má bhíonn an scoil ag cuir tuismitheoirí ar an eolas faoi thragóid, ag tabhairt comhairle, agus ag insint dóibh céard atá á dhéanamh ag an scoil faoi.

Dáta:

Guthán : *Príomhoide : Príomhoide* *Uimhir Rolla :*

A Thuismitheoirí, a chairde,

Tá brón orainn a rá libh go bhfuil (bás tobann ____ainm_____ tar éis tarlú/timpiste tar éis tarlú do ainm. Tá an-bhrón orainn faoin mbás/faoin eachtra seo.

(Sonraí gairid don eachtra, nó i gcás bás, b'fhéidir roinnt cuimhneacháin don duine a chailleadh).

Cuimhnimíd ar chlann _____ ag an am deacair seo.

Tá structúir tacaíochta curtha i bhfeidhm againn sa scoil, chun cabhrú le do pháiste deileáil leis an tragóid/eachtra seo. (Níos mó le cur le seo más gá).

D'fhéadfadh roinnt ceisteanna/mothúcháin a bheith ag do pháiste faoi seo, gur mhaith leo a roinnt libh. Tá sé tábhachtach go dtabharfar eolas cruinn do do pháiste, a oireann dá (h)aois.

Is féidir leat cabhrú le do pháiste tríd am a thógáil chun éisteacht leo agus iad a spreagadh chun a mothúcháin a chur i bhfocail. Tá gach páiste difriúil agus cuirfidh siad uilig a mothúcháin in iúl ar bhealaí éagsúla. D'fhéadfadh deacracht a bheith ag do pháiste aird a dhíriú nó d'fhéadfaidís a bheith eaglach, imníoch nó cantalach. D'fhéadfaidís tarraingt siar uaibh, caoineadh, gearáin a dhéanamh faoi phianta fhisiciúla nó deacrachtaí codladh agus tromluíthe a bheith acu. Uaireanta ní bheidh bia uathu. De gnáth, is frithgníomhartha gearrtéarmacha iad seo. Thar na laethanta atá le teacht, coimeád súil ar do pháiste, agus lig dó/di a m(h)othúcháin a chur in iúl gan léirmheastóireacht.

Cé go rachaidh ranganna ar aghaidh mar is gnáth, beidh na laethanta atá le teacht dian ar ghach éinne.

(Roghnach) Beidh oíche eolais do thuistí (dáta, am, áit). Ag an am sin, tabharfar eolas breise daoibh ar chonas cabhrú le bhur bpáistí atá dobhrónach.

Tá eolas breise a bheidh úsáideach chun cabhrú le do pháiste i rith an tréimhse deacair seo faoi iamh.
Má tá aon chomhairle uait, is féidir dul i dteagmháil leis na daoine seo a leanas sa scoil . **(Sonraí)**

Is mise le meas,

_____
Clodagh NíMhaoilchiaráin
Príomhoide

SAMPLE LETTER TO PARENTS – SUDDEN DEATH/ACCIDENT

Resource for schools: R4

This letter can be used as a template by the school when we are informing parents of a tragedy, offering some advice and outlining what the schools response involves.

Date:

Guthán : *Príomhoide :* *Uimhir Rolla :*

Dear Parents,

The school has experienced (the sudden death, accidental injury, etc.) of *Name of student(s)*. We are deeply saddened by the deaths/events.

(*Brief details of the incident, and in the event of a death, perhaps some positive remembrances of the person lost)*.

Our thoughts are with (family name).

We have support structures in place to help your child cope with this tragedy. *(Elaborate*).

It is possible that your child may have some feelings and questions that he/she may like to discuss with you. It is important to give factual information that is appropriate to their age.

You can help your child by taking time to listen and by encouraging them to express their feelings. All children are different and will express their feelings in different ways. It is not uncommon for children to have difficulty concentrating or to be fearful, anxious, or irritable. They may become withdrawn, cry, complain of physical aches and pains, have difficulty sleeping or have nightmares. Some may not want to eat. These are generally short term reactions. Over the course of the days to come, please keep an eye on your child and allow him/her to express their feelings without criticism.

Although classes will continue as usual, I anticipate that the next few days will be difficult for everyone.

(Optional) An information night for parents is planned for (date, time and place). At that time, further
information about how to help children in grief will be given.

We have enclosed some information which you may find useful in helping your child through this difficult time.

If you would like advice you may contact the following people at the school. **(*Details*).**

Is mise le meas,

_____

Clodagh Ní Mhaoilchiaráin.

LITIR SAMPLACH DO THUISMITHEOIRÍ- BÁS FORÉIGEANEACH

Acmhainn do scoileanna: R5

Is féidir an litir seo a úsáid mar theimpléid don scoil má bhíonn orainn tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi bhás foréigeaneach. Tabharfaidh sé roinnt comhairle agus inseoidh sé dóibh conas atá sé i gceist againn deileáil leis mar scoil.

Dáta:

Guthán : *Príomhoide : Príomhoide* *Uimhir Rolla :*

A Thuismitheoirí, a chairde,

Caithfidh mé sibh a chur ar an eolas faoi eachtra an-bhrónach atá tar éis tarlúint.
i.e.*Maraíodh páiste/duine óg ón dtimpeallacht, atá mar dheartháir/dheirfiúr _____ sa scoil. Fuair sé/sí bás de bharr ionsaí foréigeanach a tharla níos luaithe sa seachtain. Tá an-bhrón orainn go léir faoin mbás seo.*

Táimid tar éis labhairt leis na páistí sa scoil faoi seo, ionas go mbeidh siad ar an eolas faoi cad a tharla. Bhí múinteoirí na scoile ar fáil an lá ar fad chun labhairt le páiste(í) nuair a bhí gá leis chomh maith. Tá pearsanra tacaíochta (m.sh. siceolaíthe srl.), ar fáil chun comhairle a thabhairt don fhoireann agus, nuair is gá, chun labhairt leis na páistí. Beidh an tacaíocht seo ar fáil go dtí/ar feadh (líon isteach an t-am a bheidh tacaíocht ar fáil).

Is rud tragóideach é bás aon dhuine óg, ach tá bás foréigeanach níos deacra. Tá sé deacair ár bpáistí a mhúineadh faoi fhoréigean domhanda agus, ag an am céanna, glacadh leis nach bhfuil an chumhacht againn í a sheachaint.

D'fhéadfadh an bás seo frithghníomharthaí éagsúla a chothú i do pháiste. D'fhéadfadh roinnt páistí/daoine óga a bheith eaglach dá shaolta féin agus do shaolta daoine a bhfuil grá acu dóibh. Tóg an t-am chun éisteacht le buairt do pháiste agus a chinntiú leis/léi gur annamh a tharlaíonn eachtraí mar seo.

Tá eolas breise a bheidh úsáideach i rith an tréimhse deacair seo faoi iamh.

Tá na meáin cumarsáide timpeall na scoile agus d'fhéadfadh siad teacht chugat nó chuig do pháiste. Níl aon gá labhairt leo nó a gceisteanna a fhreagairt. Ní bheidh cead ag na meáin agallamh a chur ar do pháiste sa scoil agus molaimid gan ligint do do pháiste agallamh a thabhairt. Níl siad aibí go leor tuiscint cad le rá agus d'fhéadfadh áiféala teacht orthu faoina bhfuil ráite acu níos déanaí.

(Má tá seo ar siúl) Beidh cruinniú tacaíochta do thuistí (dáta, am, áit). Beimid in ann labhairt faoi na slite is fearr le cabhrú linn fhéin agus lenár bpáistí ag an am sin.
Cuimhnímid ar (ainm an chlann) agus oraibhse ag an am brónach seo.

Is mise le meas,

_____
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin.
Príomhoide

SAMPLE LETTER TO PARENTS - VIOLENT DEATH

Resource for Schools: R5

This letter can be used as a template for the schools if we are informing parents of a violent death, offering some advice and outlining what the schools response involves.

Date:

Guthán : 01 *Príomhoide : Príomhoide* *Uimhir Rolla :*

Dear Parents,

I need to inform you about a very sad event that has happened.
(Give accurate information about the incident, but avoid using the word murder as this will not be established until the court case is completed).
A child/young person from the neighbourhood, who is the brother of _____, a student here at school, was killed as a result of (a violent attack, violent incident in the street etc.) earlier this week. We are all profoundly saddened by his death.

We have shared this information and have had discussions with all of our students so that they know what has happened. School staff members have been available for students on an on-going basis today. Other support personnel (*including psychologists etc, according to actual arrangements*) are available to advise staff and, where necessary, to talk to students. This support will continue to be available for (if appropriate insert how long).

The death of any young person is tragic, but a violent death is even more difficult. It is hard to have to teach our children about the violence in our world and to accept that sometimes we do not have the power to prevent it.

This death may cause a variety of reactions in your child. Some children/young people may be afraid for their own life and for the lives of those they love. Take time to listen to their fears and reassure them that what has happened is rare.
We have enclosed some additional information that may be useful during this time.

The media are in the vicinity of the school and may approach you or your children. You need not respond to their questions if you are approached. We will not allow the media to interview your child at school and our general advice is that you should not let your children be interviewed. They are not mature enough to judge what to say and may say something they will regret later.
(If planned) A support meeting for parents is planned for (date, time and place). At that time we can talk further about how to help ourselves and our children.

Our thoughts are with (family name) and with each of you.

Is mise le meas,

_____
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin.
Príomhoide

RÁITEAS SHAMPLACH DO NA MEÁIN CUMARSÁIDE

Acmhainn do coileanna : R6

Is féidir é seo a úsáid mar theimpléid le cur ar r-phost, faics nó le tabhairt do na meáin cumarsáide. Seans go gcabhróidh sé tré uimhreacha na glaochanna chun na scoile a laghdú.

I roinnt cásanna ní bheadh sé oiriúnach ainmneacha nó eolas a chuir ar fáil a chabhródh leis na meáin daoine a aithint.

Athrófar an ráiteas seo ag braith ar rúndaíocht, toill chlann an íobartaigh, agus an saghas teagmhas atá i gceist.

Clodagh NíMhaoilchiaráin is ainm dom agus is mise Príomhoide Ghaelscoil Bhaile Brigín, Co. Atha Cliath. Chualamar ar maidin faoi bhás de dhuine dár dhaltaí/*ainm an dhalta.* Is tragóid uafásach é seo don chlann, dár scoil agus don phobal. Táimid an trí chéile de bharr na teagmhais seo. Tá ár smaointe agus paidreacha le Clann Uí _____ agus a gcairde.

Bhí *ainm(neacha) an dhalta* i rang _____ agus braithfimid go léir a bhí aithne againn air/uirthi uainn é/í go mór.

Bhíomar i dteagmháil lena thuismitheoirí agus d'iarr said go dtuigfí go bhfuil príobháideachas de dhíth orthu ag an am uafásach seo.

Tá alán cabhair á thairiscint dúinn agus táimid an-bhuíoch as an tacaíocht go léir. Tá ár bPlean Theagmhais Chriticiúil curtha i bhfeidhm againn.

Tá siceolaithe ó NEPS (Seirbhís Siceolaíochta Oideachasúil Náisiúnta) agus _____ linn don lá ar fad ag tacú linn agus ag cur comhairle ar mhúinteoirí agus iad ag iarraidh cabhrú lenár daltaí ag an am tubaisteach seo.

Tá na múinteoirí ag cabhrú le daltaí deileáil leis an teagmhas tragóideach.

Tá an scoil tar éis a bheith ar oscailt do thuismitheoirí, chun tacaíocht a chur ar fáil dóibh agus chun comhairle agus treoir a thabhairt dóibh.

Iarrfaimid oraibh meas a thaispeáint agus ár bpríomháideachas a chosaint ag an am seo.

Go raibh maith agaibh.

SAMPLE ANNOUNCEMENT TO THE MEDIA

Resource for schools: R6

This can be used as a template by the school to be e-mailed, faxed or given to the media. It may help to decrease the number of media calls and callers to the school.

In some instances it is not appropriate to provide names or information that might identify individuals.

This announcement will need to be changed based upon confidentiality issues, the wishes of the victim's family and the nature of the incident.

My name is Clodagh Ní Mhaoilchiaráin and I am the Principal of Gaelscoil Bhaile Brigín. We learned this morning of the death of (one of our students or *Name* of student). This is a terrible tragedy for _____ family(ies), our school and our community. We are deeply saddened by these events. Our sympathy and thoughts are with *(Name)* family and friends.

Name of student/students was a (5th year boy) and will be greatly missed by all who knew him**.**

We have been in contact with his/her parents and they have requested that we all understand their need for privacy at this difficult time.

Offers of support have been pouring in and are greatly appreciated. Our school have implemented our Critical Incident Management Plan.

Psychologists from the National Educational Psychological Service (NEPS) and (insert other information if relevant) have been with us all day supporting and advising teachers in their efforts to assist our students at this time.

The teachers have been helping students to deal with the tragic event.

The school has been open to parents, to support them and to offer them advice and guidance.

We would ask you to respect our privacy at this time.

Thank you.

LIOSTA SEICEÁLA DO DHALTAÍ I mBAOL

Acmhainn do scoileanna : R16

Is féidir le siceolaí agus baill fóirne an liosta seiceála seo a úsáid má tá buairt ann faoi dhalta ar leith.
Nuair atá an liosta seo á sheiceáil caithfear a thógáil san áireamh go bhféadfadh fadhb eile a bheith i gceist nach mbaineann leis an teagmhas chriticiúil.
Má léiríonn dalta comharthaí baol ón liosta seo caithfear leanúint leis an bhfiosrúchán sa bhealach chuí.

- ❖ Laghdú tobann in obair acadúil
- ❖ Caint faoi féinmharú
- ❖ Fianaise agus téamaí íseal brí agus féinmharú ina c(h)uid oibre
- ❖ Caint faoi éadóchasúlacht, díth cúnaimh agus neamhfhiúntas.
- ❖ Athrú meoin agus tochtach
- ❖ Faoi ollbhrón agus faoi bhrú/strus
- ❖ Cúlú siar ó chaidreamh
- ❖ Deireadh curtha le caidreamh tábhachtach
- ❖ Fadhbanna iompar, trioblóideach ar scoil
- ❖ Cúlú siar ó ghníomhaíochtaí taobh amuigh den scoil
- ❖ Ag fáil réidh le hearraí pearsanta
- ❖ Easpa suime a léiriú i rudaí a bhíodh tábhachtach
- ❖ Faillí a dhéanamh ar chuma fisiceach
- ❖ Airí fisicúil mar thoradh ar na mothúcháin
- ❖ Iompar a chuireann an dalta nó daoine eile i mbaol
- ❖ Mí- úsáid alcól nó drugaí
- ❖ Maistínteacht/ Tromaíocht nó ansmacht
- ❖ Stair d'iompar féinmharú ar nós iad féin a ghearradh/ anlucht drugaí
- ❖ Stair clainne d'fhéinmharú/ iarracht féinmharú

CHECKLIST - STUDENTS AT RISK

Handout for schools: R16

This checklist may be used by the psychologist or may be offered as an aid to school staff who are concerned about a student. It should be remembered that the checking of a number of items for any one student may point to other problems. Indication of a number of these factors in any one student should always be followed up.

- ❖ Unexpected reduction of academic performance
- ❖ Talking about suicide
- ❖ Ideas and themes of depression, death and suicide in their work
- ❖ Making statements about hopelessness, helplessness or worthlessness
- ❖ Change in mood and marked emotionally instability
- ❖ Significant grief or stress
- ❖ Withdrawal from relationships
- ❖ Break up of an important relationship
- ❖ Discipline problems, being in trouble in school
- ❖ Withdrawal from extra-curricular activities
- ❖ Giving personal belongings away
- ❖ Loss of interest in things one cares about
- ❖ Neglect of physical appearance
- ❖ Physical symptoms with emotional cause
- ❖ High risk behaviours
- ❖ Alcohol or drug abuse
- ❖ Bullying or victimization
- ❖ History of suicidal behaviour e.g. cutting or overdose risk behaviours
- ❖ Family history of suicide/attempted suicide

Acmhainní Scoile atá ar fáil sa scoil:

Leabhair do Pháistí

1. Rosie- Coming to terms with the death of a sibling
2. Josh- Coming to terms with the death of a friend
3. Charlotte's Web
4. The Goodbye Boat
5. Gentle Willow
6. Moonshadow
7. No Matter What
8. I miss You – A first Look at Death
9. Remembering Mum
10. Always and Forever
11. Harry & Hopper
12. When Someone Very Special Dies – Workbook
13. Muddles, Puddles and Sunshine- Your activity book to help when someone has died.

Leabhair Oibre do Pháistí

1. When Someone very special dies: Children can learn to cope with grief (Aois 6-12)	Marge Heegard (1991)
2. Talking with Children and Young People about Death and Dying: A Workbook	Mary Turner (1998)
3. Good Grief: Exploring Feelings, Loss and Death with Under Elevens. A Holistic Approach	Barbara Ward & Associates (1996)

Acmhainní do Thuismitheoirí

1. Good Grief-Exploring Feelings, Loss and Death with under elevens

2. Talking about Death and Dying- Asks & Answers the questions

3. Helping Children cope with separation and loss

3. Helping Children cope with the loss of a loved one

4. Caring for your grieving child- engaging activities for dealing with loss and transition

5.What on earth do you do when someone dies?

6.How do we tell the children? - A Step by step guide for helping children and teens cope when someone dies.

7.Water bugs & Dragonflies- explaining death to young people

8.Talking with Children and young people about death & dying

9.Talking with Children and young people about death & Dying A Workbook

10.Helping Bereaved Children

11.Someone Very Important Has Just Died

Acmhainní do Scoileanna

1. Wise before the Event: Coping with Crises in Schools — Anne Gold, William Yule (1993)

Acmhainní do Siceolaithe, do Mhúinteoirí agus do dhaoine gairmiúla eile

1. Implementing Mental Health Promotion — M. Barry & R. Jenkins (2006)
2. Healing Children's Grief – Surviving a Parent's Death from Cancer — Grace Christ (2002)
3. Helping Children cope with Separation and Loss — Claudia L. Jewitt (1997)
4. The Forgotten Mourners: Guidelines for working with Bereaved Children — Susan C. Smith (1999)
5. Someone Very Important has just Died: Immediate Help for People Caring for Children of all ages at the time of a close Bereavement — Mary Turner (2005)
6. Helping Bereaved Children: A Handbook for Practitioners — N. Boyd Webb (1993)